

Comharchumann Mhic Dara

An Crompán, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
091-869750 | seancCCR@gmail.com | www.ancheathrurua.ie



Oifigeach Pleanála Teanga An Cheathrú Rua

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Comharchumann Mhic Dara le tacú leis Plean Teanga na Ceathrún Rua a fheidhmiú.

Réitíodh plean teanga don Cheathrú Rua mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa nGaeltacht, faoi réir fhorálacha Acht na Gaeltachta 2012. Plean seacht mbliana é a chuimsíonn fis agus gníomh agus a léiríonn tiomantas phobal na Ceathrún Rua don Ghaeilge mar theanga bheo pobail.

Is post lánaimseartha ar chonradh trí bliana atá á thairiscint. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Comharchumann Mhic Dara agus freagrach as bearta an phlean teanga a fheidhmiú i gcomhar le Coiste Pleanála Teanga an Chomharchumainn.

D'fheilfeadh an post seo do dhuine a bhfuil fis láidir teanga aici/aige don Cheathrú Rua chomh maith le sár thuiscint ar riachtanais phobal na Gaeltachta. Bheadh taithí ar chomhordú tionscadail agus/nó obair chomhpháirtíochta ina bhuntáiste mór don iarrthóir rathúil. Déanfar gearrliosta ar iarrthóirí bunaithe ar na critéir riachtanacha agus inmhianaithe thíos:

Is iad na critéir riachtanacha don phost:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Ardscaleanna cumarsáide agus idirphearsanta.
- Cailíocht ábhartha tríu leibhéal.
- Ceadúnas iomlán tiomána.

Is iad na critéir inmhianaithe don phost:

- Cailíocht sa bpleanáil teanga nó in ábhar gaolmhar
- Taithí ar chomhordú tograí/tionscadail agus/nó obair chomhpháirtíochta.
- Taithí ar fhorbairt pobail, eagraíochtaí pobalbhunaithe agus an earnáil stáit.
- Taithí ar idirbheartaíochtaí/áisitheoirí san earnáil pobail nó eile.
- Taithí ar thuairiscí agus cáipéisí gairmiúla a scríobh.
- Taithí ar bhainistiú acmhainní.

Roghnófar an té a cheapfar mar thoradh ar agallamh iomaíoch a dhéanfaidh tástáil ar na critéir riachtanacha agus inmhianaithe don phost.

Tá scála tuarastail ó €35,000 go €50,000 ag gabháil leis an bpost. Déanfar an ceapachán ar phointe cuí den scála mar thoradh ar idirphlé leis an iarrthóir rathúil. Beidh 37 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúramí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre mar chuid de na cúramí sin.

Tá an plean teanga don LPT le fáil ar shuíomh gréasáin Chomharchumann Mhic Dara.

Is féidir foirm iarratais a lorg ó Chomharchumann Mhic Dara. Seoltar an foirm iarratais mar aon le C.V. roimh **1 Mártas, 2019** chuig: An Coiste Pleanála Teanga, f/ch An Bainisteoir, Comharchumann Mhic Dara, An Crompán, An Cheathrú Rua, Contae na Gaillimhe.